

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 5.00i.n.
Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
IBAN IE02AIBK937401046608 31

Scoil Éinne

Rollachán- Scoilbhliain 2027-2028- Tá Scoil Éinne ag glacadh le hiarratais don scoilbhliain seo chugainn. Eolas ar fáil ón scoil nó ón suíomh idirlín Ag: https://scoileinne.ie/.

Suirbhé ar Bhunscoileanna

Torthaí i gcás theaghlaigh Scoil Éinne. ar fáil ag ***https://assets.gov.ie/static/documents/b7418318/Galway_ga.pdf***.

Más mian leat aiseolas a dhéanamh iarrtar ort teach-taireacht ríomhphoist a sheoladh chuig Rúnaí an Bhord
Bainistíochta ag an seoladh seo pri-omhoide@scoileinne.net roimh Aoine, 20 Samhain

Comhdháil Naomh Uinseann de Pól

Beidh **bailiúchán** taobh amuigh de gheataí na Séipéil an deireadh seachtaine seo chugainn **5ú & 6ú Nollaig ar mhaithe le Comhdháil Naomh Uinseann de Pól,** Comhdháil Mhic Dara.

Veni Emmanuel

Tar chugainn, tar, Emmanuel,
Is scaoil ó ghéibheann Iosrael
Atá ar díbirt chásmhar ag caoi
Go bhfoilsítear Mac Dé arís.

Déan gairdeachas, a Iosrael,
Mar béarfar dhuit Emmanuel.

Tar chugainn, tar, a bheangáin Iesse,
Ó chráigh a namhaid do phobal saor,
As áibhéis Ifrinn treoraigh iad,
As uaimh an duibheagáin tabhair aníos.
Déan gairdeachas.....

Réir Dé Go nDéineam

Réir Dé go ndéineam
Agus beatha na Naomh go dtuilleam,
Solas na bhFlaitheas go bhfeiceam
Agus glóire na n-aingeal go gcloiseam.





Paróiste An Spidéil

An Chéad Domhnach den Aidbhint B

28ú & 29ú Samhain 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,
Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	29ú	11.00r.n.	Beairtle Ó Conaire **Céad Cuimhneacháin** *Páirc* Pádraic Ó Conghaile,a bhean Mary a thuismitheoirí Micheál & Máire *Sidheán* Michael & Delia Canavan *Uachtar Ard* Sarah & Peadar Ó Conchubhair *Bothúna* Keith & Dominic Mac Airt *Coilleach/BAC* Ath Micheál Ó hOistín *Cathair na Mairt*
Dé Céadaoin	2ú	10.00r.n	Jane Marie Foyle & Noreen Foyle *Páirc*
Déardaoin	3ú	10.00r.n	*Missa Pro Populo*
Dé hAoine	4ú	10.00r.n	
Dé Domhnaigh	6ú	11:00r.n.	Seán Mac Flannadha *Sidheán* Pádraic & Barbra Breathnach & a mhuintir *Coilleach* Máirtín Sheán Joe Ó Gamhnáin **4ú Cuimhneachán** *Seanaghurráin* Cáit O Connell **3ú Cuimhneachán** *Baile Éamonn/Bothúna*

Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	28ú	6.30i.n.	Maggie, Joe, Tim & Tom Ó Donochú *Na Doireadh* Máire Treasa Seoighe 12ú Cuimhneachán, a athair Tom, máthair Nan & Aenghus Breathnach
Dé Sathairn	5ú	6:30i.n.	Billy Breathnach (Mhiceal Phatch) **fuair bás le gairid** *Gleann Mhic Mhuirinn/Boston*

Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	29ú	9:30am	
Dé Domhnaigh	6ú	9:30am	

Loinneog don Iontróid – Sm 24:1-3

Chugatsa a thógaim m'anam, a Dhia liom; is asatsa atá mo mhuinín. I bhfad uaim an náire! Ná bíodh mo naimhde ag gáire fúm, óir ní mheallfar aon duine díobh siúd go léir atá ag súil leat.

Gníomh Aithrí

Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú:
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh:
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son:
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

Urnaí

Corraigh croíthe d'fhíréan, impímid ort, a Dhia uilechumhachtaigh, ionas, agus iad ag dul le dea-oibreacha in airicis do Chríostsa ag teacht dó, go dtuillfidh siad seilbh a fháil ar ríocht na bhflaitheas, agus iad aontaithe le chéile ar a dheaslámh. Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 63:16-17; 64:1, 3-8

Is tusa, a Thiarna, ár nAthair,
ár bhFuascailteoir is é sin d'ainm riamh anall.
Cén fáth, a Thiarna, a bhfuilimid ar seachrán agat i bhfad ó do shlite
agus ár gcroíthe á gcruachan in aghaidh d'eagla?
Fill ar ais ar son do sheirbhíseach,
ar son treibheanna d'oidhreachta.
Och, dá roisfeá na flaithis óna chéile agus teacht anuas – bheadh na sléibhte ar crith os do chomhair.
Níor chuala cluas ná ní fhacha súil
aon dia ach tusa amháin ag fónamh mar sin
ar son an té a chuir a mhuinín ann.
Tagann tú roimh an dream a chleachtann an ceart
agus a choinníonn do shlite ina gcuimhne.
Tháinig fearg ort agus sinne inár bpeacaigh,
táimid le fada riamh ag déanamh do mhíréire.
Bhíomar uile mar a bheadh daoine neamhghlana
agus ár mbearta córa ar fad amhail giobal salach.
Bhíomar uile tar éis titim ar nós duilleoga,
agus ár gcionta dár siabadh ar shiúl mar a dhéanfadh an ghaoth.
Ní raibh aon duine ag glaoch ar d'ainm
ná níor mhúscail éinne chun a thaca a ligean leat;
óir rinne tú d'aghaidh a iompú uainn
agus thug tú suas sinn d'ansmacht ár gcionta.
Ach dá ainneoin sin, a Thiarna, is tú ár nAthair.
Is sinne an chré agus is tusa an criadóir,
saothar do lámh is ea sinn go léir.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 79

Fr: Cuir ar ais sinn, a Dhia.
Taispeáin dúinn d'aghaidh ghrianmhar
agus slánaigh sinn, a Thiarna.

1. Éist linn, a aoire Isráél.
   Tusa atá i do shuí ar na Ceiribíní, soilsigh amach.
   Corraigh do chumhacht, a Thiarna,
   agus tar chugainn dár sábháil. *(Fr)*
2. Cas ar ais, a Dhia na Slua.
   Breathnaigh anuas ó neamh agus féach.
   Tabhair cuairt ar an bhfiniúin a chuir tú féin.
   Caomhnaigh an stoc a phlandaigh do dheaslámh féin. *(Fr)*
3. Go raibh do lámh ar an bhfear a roghnaigh tú,
   ar mhac an duine a neartaigh tú duit féin.
   Ní thréigfimid thú go brách ansin:
   tabhair dúinn an bheatha agus mórfaimid d'ainm.*(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh – 1:3-9

A bhráithre, grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

Bím ag síorghabháil buíochais le Dia ar bhur son as an ngrásta atá bronnta aige oraibh i gcomhar le hÍosa Críost. Mar tá raidhse den uile shórt faighte agaibh i bpáirt leis: raidhse den urlabhra agus raidhse den eolas. Tá an fhianaise ar Chríost dulta chomh daingean sin i bhfeidhm oraibh nach bhfuil tabhartas ar bith in easnamh oraibh fad atá sibh ag tnúth lenár dTiarna Íosa Críost a nochtadh. Coimeádfaidh seisean go daingean sibh go deireadh na dála, ar shlí go mbeidh sibh gan cháim lá ár dTiarna Íosa Críost. Tá Dia dílis agus is é a ghlaoigh oraibh chun bheith rannpháirteahc lena Mhac, ár dTiarna Íosa Críost.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
taispeáin dúinn, a Thiarna, do thrócaire,
agus tabhair dúinn do shlánú.
Alleluia!

Soiscéal Marcas – *13:33-37*

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas.
Glóir duit, a Thiarna.

Dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Bígí aireach, déanaigí faire, mar níl a fhios agaibh cén uair a bheidh an t-am ann. Is é dála duine é a d'fhág a theach agus a d'imigh ar an gcoigríoch; thug sé an t-údarás dá sclábhaithe, gach duine díobh i mbun a chúraim féin; agus d'ordaigh sé don doirseoir faire a dhéanamh. Déanaigí faire, dá bhrí sin, mar ní fios daoibh cén uair a thiocfaidh tiarna an tí, um thráthnóna, i lár na hoíche, ar ghlao an choiligh, nó ar maidin. Má thugann sé gan choinne, ná faigheadh sé sibh in bhur gcodladh. An rud a deirim libhse, deirim le gach duine é: Déanaigí faire.'
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

Impímid ort, a Thiarna, glacadh leis na bronntanais seo a ofrálaimid duit as na maitheasaí a bhronn tú orainn; agus a ndeonaíonn tú dár ndúthracht a chur i gcrích anois, go ndéantar de luach saothair d'fhuascailte síoraí dúinn. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Preafáid na hAidhbhinte I

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde. **Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia. **Is ceart agus is cóir dúinn.**

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, trí Chríost ár dTiarna.

An chéad uair a tháinig seisean sa cholainn uiríseal a ghlac sé chuige, thug sé an seanreacht chun críche agus réitigh sé an bóthar dúinn chun an tslánaithe shíoraí; i dtreo nuair a thiocfaidh sé arís i nglóir a mhórgachta, go bhfaighimid greim go follas ar a bhfuil geallta dúinn agus a bhfuilimid ag súil leis ag faire dúinn le barr misnigh.

Uime sin, mar aon leis na hAingil agus leis na hArdaingil, leis na Tróin agus leis na Tiarnais, agus le sluaite uile na bhflaitheas, canaimid duan do do ghlóir á rá gan stad:

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Deasghnáth na Comaoineach

Iarchomaoineach

Impímid ort, a Thiarna, go rachaidh chun sochair dúinn na rúndiamhra seo a cheiliúramar, lena múineann tú dúinn,agus sinn ar ár n-aistear trí nithe díomuana an tsaoil seo, grá a thabhairt dá bhfuil ar neamh agus cloí le nithe buana. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**